C/2025/2802

19.5.2025

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Bealtaine 2025

lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne

(C/2025/2802)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le hInstitiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú ([1]), agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 foráiltear go bhfuil 18 gcomhalta, chomh maith le comhaltaí malartacha, le ceapadh ag an gComhairle do Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne ar feadh tréimhse 3 bliana. Le haghaidh gach téarma oifige, déanfaidh na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha arna gceapadh ag an gComhairle ionadaíocht ar 18 mBallstát in ord na nUachtaránachtaí rothlacha, agus molfaidh gach Ballstát lena mbaineann comhalta amháin, chomh maith le comhalta malartach amháin.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 foráiltear freisin go bhfuil comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, agus na comhaltaí malartacha, le ceapadh ar bhealach a áiritheoidh na caighdeáin inniúlachta is airde agus raon leathan saineolais ábhartha agus trasdisciplíneach i réimse an chomhionannais inscne, agus go bhfuil sé d'aidhm ag an gComhairle ionadaíocht chothrom idir fir agus mná ar an mBord Bainistíochta a bhaint amach.

(3) Chuir an Chróit, an Ghearmáin, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Fhrainc, Poblacht na Seice, an tSualainn, an Spáinn, an Bheilg, an Ungáir, an Pholainn, an Danmhairg, an Chipir, Éire, an Liotuáin, an Ghréig, an Iodáil agus an Laitvia ainmniúcháin faoi bhráid na Comhairle chun na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha a cheapadh don Bhord Bainistíochta don tréimhse ón 1 Meitheamh 2025 go dtí an 31 Bealtaine 2028,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar leis seo na daoine seo a leanas do Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha don tréimhse ón 1 Meitheamh 2025 go dtí an 31 Bealtaine 2028 chun ionadaíocht a dhéanamh ar na Ballstáit lena mbaineann:

Ballstát	Comhalta	Comhalta malartach
An Chróit	Dijana ĆURKOVIĆ	Irena SARTA
An Ghearmáin	Petra FOLLMER-OTTO	Birgit SCHWEIKERT
An Phortaingéil	Sandra RIBEIRO	Manuel ALBANO
An tSlóivéin	Helena VALAS	Pia AŽMAN KLUKOVIČ
An Fhrainc	Stéfania CHIRU	Catherine PETIT
Poblacht na Seice	Radan ŠAFAŘÍK	Monika ŠAMOVÁ
An tSualainn	Lenita FREIDENVALL	Cecilia ASKLÖF

([1]) IO L 403, 30.12.2006, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1922/oj.

Ballstát	Comhalta	Comhalta malartach
An Spáinn	Cristina HERNÁNDEZ MARTÍN	María VÁZQUEZ SELLÁN
An Bheilg	Liesbet STEVENS	Carine JOLY
An Ungáir	Gábor JAROSS	Lilla MIKLÓS
An Pholainn	Katarzyna SZKUTA	Magdalena DROPEK
An Danmhairg	Kira UITTERDIJK APPEL	Jeppe HOLM NIELSEN
An Chipir	Stavros CHRISTOFI	Alexandros ALEXANDROU
Éire	Jane Ann DUFFY	Lisa HUGHES
An Liotuáin	Jolanta SAKALAUSKIENĖ	Milda JANEIKAITĖ
An Ghréig	Eleni NTALAKA	Dimitrios PLATIS
An Iodáil	Laura MENICUCCI	Stefano PIZZICANNELLA
An Laitvia	Agnese GAILE	

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Bealtaine 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. DOMAŃSKI